2025/123

22.1.2025

CINNEADH CUR CHUN FEIDHME (AE) 2025/123 ÓN gCOIMISIÚN

an 21 Eanáir 2025

maidir leis an iarraidh ar chlárú an tionscnaimh Eorpaigh ó na saoránaigh dar teideal 'HouseEurope! Athchóirímis anois!' de bhun Rialachán (AE) 2019/788 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle

(Is é an téacs Béarla amháin atá barántúil)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2019/788 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Aibreán 2019 maidir leis an tionscnamh Eorpach ó na saoránaigh ([1]), agus go háirithe Airteagal 6(2) agus (3) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Cuireadh iarraidh ar chlárú an tionscnaimh Eorpaigh ó na saoránaigh dar teideal 'HouseEurope! Athchóirímis anois!' faoi bhráid an Choimisiúin an 24 Samhain 2024.

(2) Is é is aidhm don tionscnamh, mar a léirigh na heagraithe í, 'dreasachtaí a chruthú a dhéanfadh norm nua agus conair choiteann d'athchóiriú agus athrú ó bhonn foirgneamh atá ann cheana'. Tá na heagraithe ag éileamh 'ceart chun foirgnimh atá ann cheana a athúsáid bunaithe ar na trí phríomhcholún': (i) 'laghduithe cánach le haghaidh oibreacha athchóirithe agus le haghaidh ábhar athúsáidte'; (ii) 'rialacha cothroma chun poitéinsil agus rioscaí a bhaineann leis na foirgnimh atá ann cheana a mheas'; agus (iii) 'luachanna nua le haghaidh an CO_2 atá neadaithe i struchtúir atá ann cheana'.

(3) In iarscríbhinn a ghabhann leis an tionscnamh, tugtar tuilleadh sonraí maidir le hábhar, cuspóirí agus cúlra an tionscnaimh. Tagraítear inti d'fhorbairt amhantrach réadmhaoine agus don tionchar a imríonn scartáil agus tógáil foirgneamh ar an gcomhshaol. Measann na heagraithe go bhféadfadh athchóiriú na bhfoirgneamh 'spásanna maireachtála inacmhainne a áirithiú, tacaíocht a thabhairt do ghnólachtaí beaga agus meánmhéide, astaíochtaí CO_2 a laghdú, agus cuimhní agus pobail a chaomhnú'. Sainítear cuspóirí an tionscnaimh a thuilleadh leis an iarscríbhinn, maidir leis an méid seo a leanas: (i) 'foirgnimh a chaomhnú, a athchóiriú, agus a athúsáid ar bhealach oiriúnaitheach'; (ii) dreasachtaí eacnamaíochta 'chun an t-athchóiriú a dhéanamh níos tarraingtí agus níos inmharthana ó thaobh an gheilleagair de ná mar atá an scartáil'; (iii) 'cuntas a thabhairt san fhuinneamh a infheistíodh i bhfoirgnimh cheana féin chun tionchair ar an gcomhshaol roimhe seo a aistriú go dtí inbhuanaitheacht amach anseo'; (iv) tithíocht inacmhainne a chruthú; (v) an earnáil tógála a athrú 'ó earnáil a úsáideann neart ábhair go dtí earnáil a fhostaíonn neart daoine'; (vi) ailíniú le beartais an Aontais 'chun athchóiriú agus athrú ó bhonn a chur chun cinn agus chun inbhuanaitheacht a fheabhsú'; (vii) spreagadh a thabhairt le foirgnimh a athchóiriú agus a athrú ó bhonn chun cur le spriocanna aeráide an Aontais.

(4) Chuir na heagraithe doiciméad breise isteach freisin lena leagtar amach tograí dlí sonracha, mar chuid dá n-iarraidh ar chlárú.

(5) Maidir leis an gcéad cholún den tionscnamh, d'fhéadfadh an Coimisiún togra a thíolacadh le haghaidh gníomh dlí chun dreasachtaí eacnamaíocha a chruthú i bhfoirm laghduithe cánach le haghaidh oibreacha athchóirithe agus le haghaidh ábhar athúsáidte ar bhonn Airteagal 113 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE). D'fhéadfadh an Coimisiún tograí a thíolacadh freisin chun coinníollacht nua nó coinníollacha cumasúcháin a bhaineann le spriocanna athchóirithe tithíochta a thabhairt isteach, cistiú le haghaidh an bhonneagair tithíochta a mhéadú agus costais athchóirithe a dháileadh ar bhealach a bheidh cothrom ó thaobh na sochaí de, ar bhonn Airteagail 175 trí 178 CFAE. Ar deireadh, d'fhéadfadh an Coimisiún togra a thíolacadh i réimse an taighde agus na forbartha faoi Airteagail 173 agus 182(1) CFAE.

(6) Maidir leis an dara colún den tionscnamh, d'fhéadfadh an Coimisiún rialacha a mholadh chun na poitéinsil agus na rioscaí a bhaineann leis na foirgnimh atá ann cheana a mheas ionas go bhféadfaí na foirgnimh sin a chaomhnú, tithíocht inacmhainne a chruthú, an earnáil tógála a athrú ó bhonn agus ailíniú le beartais an Aontais a dhéanamh, ar bhonn Airteagal 114 CFAE, ar choinníoll go dtabharfar údar cuí le ceanglais an bhunúis dlí sin in am trátha.

([1]) IO L 130, 17.5.2019, lch. 55, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2019/788/oj.

(7) Ar deireadh, a mhéid a bhaineann leis an tríú colún den tionscnamh, d'fhéadfadh an Coimisiún luachanna nua le haghaidh an CO_2 atá neadaithe i struchtúir atá ann cheana a mholadh, chun luach an fhuinnimh chorpraithe a mheas agus spriocanna aeráide a bhaint amach, ar bhonn Airteagail 192 agus 194 CFAE.

(8) Ar na cúiseanna sin, measann an Coimisiún nach bhfuil aon chuid den tionscnamh ann ar follas nach dtagann sí faoi chuimsiú chumhachtaí an Choimisiúin togra a thíolacadh le haghaidh gníomh dlí de chuid an Aontais chun na Conarthaí a chur chun feidhme.

(9) Is conclúid é sin nach ndéanann difear don mheasúnú ar cé acu a chomhlíonfaí nó nach gcomhlíonfaí, sa chás seo, na coinníollacha coincréiteacha substainteacha ba ghá chun go ngníomhódh an Coimisiún, coinníollacha lena n-áirítear comhlíonadh phrionsabail na comhréireachta agus na coimhdeachta, sin agus comhoiriúnacht do chearta bunúsacha.

(10) Tá fianaise iomchuí curtha ar fáil ag an ngrúpa d'eagraithe go gcomhlíontar na ceanglais a leagtar síos in Airteagal 5(1) agus (2) de Rialachán (AE) 2019/788, agus go bhfuil na daoine teagmhála ainmnithe aige i gcomhréir le hAirteagal 5(3), an chéad fhomhír, den Rialachán sin.

(11) Ní tionscnamh é ar follas é a bheith míchuí, suaibhreosach ná cráiteach, ná ní follas go bhfuil sé contrártha do luachanna an Aontais mar a leagtar amach in Airteagal 2 den Chonradh ar an Aontas Eorpach iad ná do na cearta a chumhdaítear i gCairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh.

(12) Dá bhrí sin, ba cheart an tionscnamh dar teideal 'HouseEurope! Athchóirímis Anois!' a chlárú.

(13) An chonclúid go gcomhlíontar na coinníollacha maidir le clárú faoi Airteagal 6(3) de Rialachán (AE) 2019/788, ní thugann sí le tuiscint go ndearbhaíonn an Coimisiún ar bhealach ar bith go bhfuil inneachar an tionscnaimh cruinn fíorasach, agus is é an grúpa d'eagraithe atá i mbun an tionscnaimh, agus an grúpa sin amháin, atá freagrach as an méid sin. Ní chuireann inneachar an tionscnaimh in iúl ach tuairimí an ghrúpa d'eagraithe, agus ní féidir a dhéanamh amach ar aon bhealach gurb iad tuairimí an Choimisiúin a léiríonn sé,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Clárófar an tionscnamh Eorpach ó na saoránaigh dar teideal 'HouseEurope! Athchóirímis Anois!'.

Airteagal 2

Tá an cinneadh seo dírithe ar an ngrúpa d'eagraithe atá i mbun an tionscnaimh Eorpaigh ó na saoránaigh dar teideal 'HouseEurope! Athchóirímis Anois!', grúpa a bhfuil Olaf GRAWERT agus Arno BRANDLHUBER ag gníomhú mar theagmhálaithe thar a cheann.

Arna dhéanamh in Strasbourg, an 21 Eanáir 2025.

Thar ceann an Choimisiúin
Maroš ŠEFČOVIČ
Comhalta den Choimisiún